NYCI National Youth Council of Ireland

NÓTAÍ TREORACH

AG TOSÚ AMACH 2.0

Treoir d'Oibrithe Deonacha a oibríonn le daoine óga LADTAI+



Treoir d'Oibrithe Deonacha a oibríonn le daoine óga LADTAI+

Níl sé beartaithe go bhfuil an treoir seo saintreorach ach is deis í chun machnamh agus plé a spreagadh agus faoin gcaoi is fearr chun club/grúpa óige atá sábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú a mheas.

Tá daoine óga LADTAI+ ag 'teacht amach' faoina n-aitheantas agus iad níos óige agus i líonta níos mó ná riamh. Is féidir leat glacadh leis go bhfuil tú ag obair le roinnt daoine óga LADTAI+ cheana féin agus is é do ról ná timpeallacht shábháilte atá oscailte, fáilteach agus comhionann do chách a chinntiú. D'fhéadfadh oibrí deonach caidreamh iontaofa a chothú le duine óg agus d'fhéadfaidís nó ní fhéadfaidís insint duit go bhfuil siad LADTAI+.

LADTAI+: Daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, aiteacha agus idirghnéasacha. Is ionann an comhartha móide agus aon ghnéaschlaonadh mionlaigh eile agus aitheantais inscne nach n-ainmnítear go sonrach, amhail daoine neamh-dhénártha.

- Chun gluais iomlán de na téarmaí a fháil, téigh chuig

  https://www.belongto.org/app/uploads/2023/09/Belong-To-Education-Resource-Glossary-2023.pdf

Tá sé tábhachtach go n-aithnítear go bhféadfadh oibrithe deonacha atá ag obair le daoine óga ar bhealach dearfach agus atruach earráidí le dea-rúin a dhéanamh ó am go ham i dtaca le teanga nó ina gcur chuige ginearálta. D'fhéadfadh foghlaim a bheith

ann do dhaoine óga agus d'oibrithe deonacha araon i dtimpeallacht atá oscailte agus atruach.

Dheimhnigh taighde a rinneadh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta go bhfuil daoine óga LADTAI+ i mbaol suntasach sláinte mar gheall ar iargúltacht, eagla, stiogma, an próiseas 'teacht amach', bulaíocht agus diúltú teaghlaigh. Tá na tionchair shláinte dhiúltacha ar dhaoine óga LADTAI+ mar gheall ar bhulaíocht homafóbach fhorleathan seanbhunaithe. Áirítear i measc na dtionchar homafóibe inmheánaithe, drochíomhá choirp agus leochaileacht i dtaobh neamhord itheacháin.

Timpeallachtaí níos sábháilte a chruthú do dhaoine óga LADTAI+

- Ná glac leis gur daoine heitrighnéasacha/cisinscneacha iad gach duine nó gur daoine heitrighnéasacha/cisinscneacha iad baill teaghlaigh gach duine.
- Déan tagairt ar an bhfírinne go mbíonn dúil ag roinnt daoine sa ghnéas/san inscne chéanna leo, nó i ngnéasanna/inscní iomadúla.
- Déan iarracht gan saincheisteanna LADTAI+ a chothromú le hiompar gnéasach amháin – bíonn suimeanna chomh héagsúil sin ag daoine LADTAI+ is atá ag daoine atá heitrighnéasach/cisinscneach.
- Cuir faisnéis maidir le saincheisteanna, tacaíochtaí, srl. LADTAI+ san áireamh in ábhar a scaiptear chuig gach duine ionas nach mbeadh ar dhaoine iad féin a shainaithint mar LADTAI+ chun faisnéis atá oiriúnach dóibh a fháil.
- Téigh i ngleic le léirithe claontachta frith-LADTAI+ – baisteachán, bulaíocht agus foréigean.
- Bí ar an eolas go bhféadfadh daoine mothúchán frith-LADTAI+ a chur in iúl nuair atá plé ar siúl mar gheall ar aitheantais LADTAI+ agus bí réidh ina leith.

- Cuir le héascaíocht na ndaoine óga a aithníonn mar LADTAI+ teacht ar a chéile.
- Cuir le héascaíocht na ndaoine óga LADTAI+ teacht ar fhoirmeacha eile tacaíochtaí trí eagraíochtaí óige LADTAI+, línte cabhracha agus araile.
- Téigh i mbun plé le tuismitheoirí na ndaoine óga LADTAI+ a dhéanann teagmháil agus tabhair sonraí dóibh maidir le líonraí tacaíochta do thuismitheoirí m.sh. Seirbhís Tacaíochta Teaghlaigh BeLonG To lena gcuirtear tacaíocht aghaidh ar aghaidh ar fáil do theaghlaigh na ndaoine óga LADTAI+ ar fud na hÉireann, lena n-áirítear teacht le chéile i láthair go pearsanta nó ar líne agus faisnéis agus acmhainní a chomhroinnt leo. Beidh an tOibrí Tacaíochta Teaghlaigh in ann ceisteanna a fhreagairt ar líne chomh maith. Tá tacaíocht agus treoir aghaidh ar aghaidh á cur ar fáil ag Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne do dhaoine trasinscneacha agus a dteaghlaigh i láthair go pearsanta trí Zoom nó ar an nguthán ag+353 (0) 1 873 3575 nó office@teni.ie

Sliocht ó Rochtain ar Gach Réimse. Sraith Straitéisí maidir le hÉagsúlacht d'Earnáil Obair na nÓg. CNÓ agus Youthnet 2022

Tacú le Daoine Trasinscneacha agus Daoine Neamh-Chomhréireacha ó thaobh Inscne de

Cén chiall atá ag trasach/trasinscneach?

Is éard atá i nduine trasinscneach ná duine ag a bhfuil éagsúlacht idir an t-aitheantas inscne agus/nó léiriú inscne agus an inscne a sannadh orthu tráth na breithe. D'fhéadfadh aitheantais inscne éagsúla a bheith san áireamh sa téarma. Leagtar amach roinnt de na haitheantais agus léirithe inscne thíos.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig teni.ie Buneolas ar Ghnéas agus Inscne.

Tacú le Daoine Óga

Tá an ceart ag daoine atá trasinscneach go gcaitear orthu de réir a bhfíorinscne, beag beann ar aon chéim leighis nó dhlíthiúil (más ann) atá glactha acu. Tá cumas mór ann tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga trasacha ag uair nuair a d'fhéadfaidís a bheith ag mothú scartha ó go leor gníomhaíochtaí sóisialta, gníomhaíochtaí nach dtugann tromlach daoine óga an t-aird chuí orthu. Tá idirdhealú nó ciapadh de bharr inscne in aghaidh an dlí. Tá sé de dhualgas coigeartuithe réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go bhféadfadh baill thrasacha rochtain a dhéanamh ar ghrúpaí óige, lena n-áirítear riachtanais aon bhall amach anseo a mheas.

Cén chiall atá le bheith ina dhuine óg trasach nó ina dhuine neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de?

D'fhéadfadh sé gur roghnaigh nó go bhfuil an duine óg ag smaoineamh ar mhaireachtáil lena bhfíorinscne. D'fhéadfadh ainm éagsúil a úsáid, éadaí éagsúla a chaitheamh agus/nó codanna dá gcolainn a chur i bhfolach a bheith i gceist leis sin.

Céard iad roinnt de na dúshláin atá roimh dhaoine óga atá trasinscneach?

Caithreachas:

D'fhéadfadh an caithreachas a bheith ina thréimhse dheacair do gach duine óg, ach go háirithe do dhaoine óga trasacha toisc go bhfuil a gcolainn ag athrú go fisiceach i mbealach atá in aghaidh a bhfíorinscne. Is féidir drugaí a ordú chun 'bac' a chur ar an gcaithreachas. D'fhéadfadh daoine óga ag a bhfuil brollaigh á bhforbairt a gcliabhrach a cheangal, chun aird a bhaint de. Tugtar 'ceangal' air sin agus tá sé tábhachtach go mbíonn meas agat ar chinneadh an duine óig chun é sin a dhéanamh.

Réamhchlaonadh agus idirdhealú:

Ar an drochuair, is minic go ndéantar réamhchlaonadh agus idirdhealú ar dhaoine atá trasinscneach, agus bíonn an chuid is mó de neamhdhleathach agus á gcumhdach faoi reachtaíocht comhionannais. D'fhéadfadh sé gur tharla bulaíocht thrasfhóbach nó go bhfuil bulaíocht thrasfhóbach ag tarlú do dhaoine óga.

Conas is féidir liom cur le hionchuimsitheacht mo chlub/ghrúpa óige?

Seachain aon steiréitíopa inscne (m.sh. is maith le buachaillí peil, is maith le cailíní bándearg).

- Agus tú ag labhairt leis an ngrúpa iomlán, is fearr téarmaí atá neodrach ó thaobh inscne de a úsáid chun tacú le timpeallacht oscailte agus ionchuimsitheach. Mar shampla, bain úsáid as "dia daoibh a chairde" seachas "dia daoibh a bhuachaillí" nó labhairt le grúpa de dhaoine baineanna mar "a mhná".
- Ná scoilt na daoine óga de réir inscne i ngníomhaíocht ar bith.
- Lig do dhaoine a n-aitheantas a chur in iúl gan bhac agus ná déan talamh slán de.
- Sainaithin deiseanna ceiliúrtha amhail Seachtain an Bhróid.

Conas is féidir liom tacú le duine óg atá trasinscneach nó atá ag fiosrú a n-aitheantas inscne?

- Faigh treoir ón duine óg agus ó na tuismitheoirí/ cúramóirí, sa chás go bhfuil siad tacúil.
- Bí ar d'airdeall go bhféadfadh réamhchlaonadh féin a bheith ag tuismitheoirí/cúramóirí nó d'fhéadfadh sé nach mbeidh siad ar an eolas faoin gcaoi atá an duine óg ag mothú. Déan do dhícheall chun tuismitheoirí agus daoine óga a chur san áireamh i gcomhráite. Faigh saintacaíocht ó heagraíochtaí

amhail Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne agus BeLonG To más gá.

- Éist agus glac leis an méid atá á rá ag an duine óg leat, gan bhreithiúnas. Cuir na daoine óga ar a suaimhneas agus mínigh go bhfuil daoine óga eile ann agus na mothúcháin sin acu chomh maith.
- Bí ar d'aire ar chomharthaí bulaíochta. Caith leis sa chaoi chéanna le haon chineál bulaíochta eile, trí chloí leis an mbeartas frithbhulaíochta. Seans go gcuirfear cosc nó go bhfaightear réidh le bulaíocht ar bith trí thuiscint dhaoine óga maidir le saincheisteanna aitheantais inscne a mhéadú.
- Aimsigh má tá an duine óg sásta go mbíonn daoine eile ar an eolas go bhfuil siad trasinscneach. Bíodh meas agat ar chearta agus ar phríobháideachas an duine óig, agus cuir ar a suaimhneas iad maidir le rúndacht iomlán; ná habair le haon duine eile gan a dtoiliú. Tá sé mídhleathach stádas trasach duine a nochtadh gan a dtoiliú, de réir an Achta um Chosaint Sonraí.
- Ná hiarr faisnéis maidir le haon chóireáil leighis a bhí acu mura bhfuil cúis bhailí agat ina leith.
- Cinntigh go n-úsáideann tú an inscne, an t-ainm agus na forainmneacha is fearr leo agus tú ag labhairt leis an duine óg. Réitigh aon bhotún go tuisceanach, é a chur ina cheart tríd an t-ainm is fearr don duine óg a úsáid.
- Tá sé tábhachtach go gcaitear leis an duine óg mar bhall dá bhfíorinscne, agus iad agus gach duine óg a chosaint ó chásanna leochaileacha. Bí ar an eolas nach mbeidh an duine óg ag iarraidh a bheith éagsúil óna bpiaraí chun aon chúis náire a sheachaint. Ná lig dá bhféiniúlacht inscne a bheith ina ábhar cainte rialta.
- Bíodh aon chomhrá agat i dtimpeallacht atá oiriúnach.

Ceisteanna coitianta:

An mbeidh orm na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint?

- D'fhéadfadh go mbeadh ceisteanna ar leith ag teastáil maidir le roinnt gníomhaíochtaí sa chás go mbíonn seomraí gléasta san áireamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Déan pleanáil agus plé leis an duine óg/tuismitheoir roimh ré.
- Bí ar an eolas go bhféadfadh an duine óg sraitheanna éadaí a chaitheamh chun an corp a chur i bhfolach.

Cén leithreas ba cheart don duine óg a úsáid?

- Lig duit treoir a fháil ó shainroghanna an duine óig i gcónaí, maidir leis na háiseanna is compordaí agus is sábháilte dóibh le húsáid. Do roinnt daoine, beidh an leithreas ag teacht lena n-inscne agus do dhaoine eile beidh rogha neodrach ó thaobh inscne de níos oiriúnaí.
- Bí airdeallach go bhféadfadh an-chuid imní a bheith ag daoine óga trasacha maidir le háiseanna leithris a úsáid agus d'fhéadfaidís úsáid an leithris agus ól a sheachaint fiú. D'fhéadfadh drochshláinte a bheith ann dá bharr, mar sin tá sé tábhachtach bheith ar an eolas faoi sin agus cuir daoine ar a suaimhneas más gá. Cuir in iúl don duine óg arís gur féidir leo cibé áiseanna atá níos compordaí dóibh a úsáid am ar bith.

Cad mar gheall ar oícheanta ar shiúl, campaí agus turais?

- Pléigh na roghanna leis an duine óg agus leis na daoine eile atá páirteach tamall maith roimh ré, agus ceart chun príobháideachas an duine óig a chosaint ag an am céanna. Is é an prionsabal ná a

chinntiú go bhfuil gach duine compordach leis na socruithe. Bí tuisceanach maidir le riachtanais an duine óig; seachain na mothúcháin gur luadh iad faoi leith nó easpa measa ina dtaobh.

- De réir mar a dhéantar do gach duine óg, deimhnigh má tá an duine óg ar leigheas a bhfuil orthu a thógáil.
- Smaoinigh ar cheannaire ainmnithe amháin a bheith ann, atá ar an eolas faoi stádas trasach an duine óig agus aon chóireáil/leigheas atá acu, gur féidir tacaíocht a chur ar fáil má tá cóireáil leighis ag teastáil. Iarr ar an duine óg an duine ba mhaith leo mar cheannaire, beag beann ar inscne an cheannaire.

Conas is féidir liom na socruithe codlata a bhainistiú?

- Ní mór socruithe codlata a phleanáil go cúramach, trí mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar aoiseanna na ndaoine óga agus ar aon bhaol atá i gceist. Is iad seo a leanas roinnt roghanna nach mór a mheas, ba cheart measúnú riosca a dhéanamh orthu agus labhairt fúthu leis an duine óg agus an teaghlach acu:
- Comhroinnt le daoine óga eile dá bhfíorinscne (ná den inscne a sannadh tráth na breithe más fearr) agus/nó lena gcairde iontaofa.
- Seomraí móra le hurranna codlata éagsúla, agus urrann féin a thabhairt don duine óg go discréideach ar mhaithe le príobháideachas.
- Seomra a bheith acu dóibh féin.

Cad mar gheall ar leithris, ceathanna agus áiseanna gléasta?

- Nuair is féidir, roghnaigh ionad ina bhfuil cith ar leith agus bothanna gléasta, agus áiseanna leithris atá neodrach ó thaobh inscne de (féach ar an treoir maidir le húsáid leithris thuas). Déan monatóireacht ar an duine óg le linn imeachta chun seiceáil nach bhfuil ól leachtanna nó úsáid an leithris á seachaint acu. D'fhéadfadh sé gur mian leo na háiseanna a úsáid nuair atá gach duine eile gnóthach le gníomhaíocht éagsúil.

An bhfuil aon rud eile nach mór dom a mheas?

- Bí aireach nuair atá imeachtaí á gcur chun cinn/ faisnéis á postáil faoin ngrúpa/gclub nó faoi na baill, nach ndéantar daoine óga a 'nochtadh' gan mhachnamh nó nach gcuirtear faoi réir ag aon frithfhreagairt phoiblí iad.

Conas is féidir liom freagairt d'aon oibrí deonach i mo chlub/ghrúpa nach bhfuil ionchuimsitheach do bhaill thrasacha?

Ní mór d'oibrithe deonacha a chur ar an eolas arís faoi phrionsabail obair óige agus ní mór dá gCeannaire Grúpa/oibrí óige tacú leo chun a gcleachtas a athrú más gá. Go minic, is féidir dúshláin a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta nó tuisceana, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil roinnt oiliúna ag teastáil. Baineann an fhreagracht do gach duine fásta as bheith ag feidhmiú mar eiseamláir trí éagsúlacht a cheiliúradh agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach ball taitneamh a bhaint as obair óige atá sábháilte agus ionchuimsitheach.

(Curtha in oiriúint ó Thacú le Baill Thrasacha agus Neamh-Chomhréireacha ó thaobh Inscne de. Cumann Gasóg na hÉireann agus Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne.)

Acmhainní Úsáideacha



- Ríomhfhoghlaim:

  Oiliúint Ionchuimsitheach LADTA+ d'Oibrithe Deonacha - Belong To - Óige LADTA+ na hÉireann

- Gradam Rainbow Belong To: Is ionann an Gradam Rainbow, arna chreidiúnú ag BeLonG To agus cur chuige eagraíochtúil iomlán le bheith mar sheirbhís ionchuimsitheach, shábháilte agus thacúil do dhaoine óga LADTA+, do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha. Tá sé chéim ag baint le turas Ghradam Rainbow, lena n-áirítear forbairt acmhainne, punann, athbhreithniú ar chaighdeáin agus cuairt láithreáin. Cuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil ag BeLonG To do ghrúpaí/eagraíochtaí ar mhian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas. Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig

  Gradam Rainbow - Belong To - Óige LADTA+ na hÉireann

- Líonra Náisiúnta: Trí mheán Líonra Náisiúnta na ngrúpaí óige LADTA+ tacaítear le hOibrithe Óige chun spásanna sábháilte gar don bhaile d'óige LADTA+ a chruthú ar fud na hÉireann. Tá cónaí ar dhaoine óga LADTAI+ i bpobail, i mbailte agus i gcathracha ar fud gach contae in Éirinn. Is é aidhm an Líonra Náisiúnta ná chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag na daoine óga seo ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí óige tiomanta ar ardchaighdeán cibé áit ina bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig

  Líonra Náisiúnta Oibrithe Óige LADTA+ - Belong To - Óige LADTA+ na hÉireann